Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2022
(OR. fr, en)

6301/22

LIMITE

EF 53
ECOFIN 132

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclusions du Conseil sur l'autonomie stratégique économique et financière de l'UE: un an après la communication de la Commission |

***Conclúidí ón gComhairle maidir le huathriail straitéiseach eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais a bhaint amach i ngeilleagar oscailte: bliain amháin tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún***

Maidir leis an gComhairle:

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an tAontas Eorpach, a bhfuil córas eacnamaíoch agus airgeadais an-mhór agus oscailte aige, tiomanta rannchuidiú le hord oscailte idirnáisiúnta eacnamaíoch agus airgeadais, agus é a choimeád, bunaithe ar phrionsabail an iltaobhachais, na cothroime agus na cothroime iomaíochta;

2. MEABHRAÍTEAR DI i ndáil leis sin Conclúidí an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020 ón gComhairle Eorpach[1], inar cuireadh i dtábhacht go bhfuil sé 'ina phríomhchuspóir ag an Aontas an uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte a chaomhnú san am céanna';

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanas na gCeannairí Stáit nó Rialtais, mar a chumhdaítear i nDearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022, freagracht níos mó a ghlacadh as slándáil an Aontais agus céimeanna cinntitheacha breise a thabhairt ar mhaithe lenár gceannasacht Eorpach a bhunú, spleáchais an Aontais a laghdú agus samhail nua fáis agus infheistíochta a cheapadh do 2030;

4. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór don Aontas leanúint de chothromaíocht iomchuí a shaothrú idir an dá chuspóir: tréaniarracht a dhéanamh a uathriail eacnamaíoch agus airgeadais a bhaint amach, agus oscailteacht an Aontais, an comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, agus an t-iomaíochas a choimeád ar bun, agus leas a bhaint as na tairbhí féideartha a bhaineann leis sin. Tá sé tábhachtach na cuspóirí sin a bhaint amach chun leasanna eacnamaíocha dlisteanacha an Aontais Eorpaigh, agus cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais agus lasmuigh de, a choimirciú;

---

[1] EUCO 13/20

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS maidir le forbairtí a rinneadh le déanaí, go háirithe tionchar phaindéim COVID-19, ganntanais dhomhanda sa soláthar earraí agus seirbhísí riachtanacha, míchothromaíochtaí méadaithe sna margaí fuinnimh domhanda chomh maith lena dtionchar ar chuideachtaí agus ar na Ballstáit, gur dearbhú breise iad ar a thábhachtaí atá sé uathriail straitéiseach an Aontais a shaothrú agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an toradh a bhí ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin go bhfuil méadú ag teacht ar éagobhsaíocht, ar iomaíocht straitéiseach agus ar bhagairtí slándála; MEABHRAÍTEAR DI gurb é sprioc an Aontais go háirithe, trí bhíthin uathriail straitéiseach a bhunú i ngeilleagar oscailte, athléimneacht a gheilleagair a áirithiú agus a acmhainneacht a leasanna eacnamaíocha agus airgeadais a chosaint agus a fhorbairt a chaomhnú;

6. MEABHRAÍTEAR DI, i bhfianaise an mhéid sin, Teachtaireacht an 19 Eanáir 2021 ón gCoimisiún[2], ina leagtar amach mar is féidir leis an Aontas a uathriail straitéiseach oscailte i réimsí na maicreacnamaíochta agus an airgeadais a threisiú;

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbraitheann straitéis fhoriomlán den sórt sin ar roinnt cur chuige atá tábhachtach agus a bhfuil spleáchas frithpháirteach acu ar a chéile. Ina measc tá na trí phríomhcholún seo a leanas: ról idirnáisiúnta níos láidre a áirithiú don euro lena n-áirítear trí aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta níos láidre agus níos doimhne agus trí úsáid an euro agus ionstraimí atá ainmnithe in euro a chur chun cinn ar fud an domhain; athléimneacht na hearnála airgeadais a áirithiú chun freastal ar an bhfíorgheilleagar, lena n-áirítear tríd an aontas baincéireachta a thabhairt chun críche agus trí Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú, agus spleáchas iomarcach ar institiúidí agus ar bhonneagair airgeadais tríú tír a laghdú i gcás ina bhféadfaí a mheas go gcruthódh sé rioscaí cobhsaíochta airgeadais; córas eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais a chosaint ar éifeachtaí chur i bhfeidhm seach-chríochach smachtbhannaí tríú tír agus ar chleachtais dhíobhálacha eile, chomh maith le córas smachtbhannaí de chuid an Aontais féin a fheidhmíonn go maith a choinneáil;

[2] 5487/2021

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé tábhachtach – bliain amháin tar éis na Teachtaireachta réamhluaite agus i bhfianaise na ndúshlán réamhluaite – an dul chun cinn atá déanta ar na trí cholún sin a mheas agus tuilleadh oibre a shainaithint don am atá le teacht;

***Maidir le ról idirnáisiúnta an euro:***

9. Ar an gcéad dul síos, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur le neart agus le cobhsaíocht an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus le bunphrionsabail eacnamaíocha lena n-áirítear bunphrionsabail eacnamaíocha a chuid Ballstát a thugtar tacaíocht do ról idirnáisiúnta an euro go príomha, agus freisin trí chaipiteal príobháideach a shlógadh agus trí chumas an Aontais dálaí a chruthú a chuidíonn chun iomaíochas idirnáisiúnta ghníomhaithe eacnamaíocha agus airgeadais Eorpacha a neartú;

10. TACAÍONN SÍ LEIS an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún chun ról idirnáisiúnta an euro a chur chun cinn go gníomhach ina idirphlé maicreacnamaíoch rialta le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus go háirithe leis na comhpháirtithe sin a bhfuil naisc eacnamaíocha agus airgeadais níos dlúithe acu;

11. MEABHRAÍTEAR DI go ndearna an tAontas bearta tábhachtacha le bliain anuas, ar bearta iad a chothóidh uathriail airgeadais an Aontais i ngeilleagar oscailte agus ról an euro, lena n-urramófar airgeadraí náisiúnta agus a dtábhacht, lena n-áirítear an Pacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil lenar tugadh isteach leasuithe spriocdhírithe a raibh gá leo chun díorthaigh a ainmnítear in euro a fhorbairt le haghaidh fuinnimh agus amhábhar agus ionstraimí airgeadais eile san Aontas, agus chun méideanna suntasacha de bhannaí Next Generation EU (NGEU) a eisiúint; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun tacú le ról idirnáisiúnta an euro agus leis an aistriú glas, mar shampla tríd an Aontas Eorpach a chur chun cinn mar mhol domhanda don 'maoiniú glas'; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche agus Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú chun an chobhsaíocht airgeadais a fheabhsú agus margadh Aonair éifeachtúil i seirbhísí airgeadais a chur chun cinn agus tairbhí féideartha a fháil, go gcuirfí le ról idirnáisiúnta an euro freisin; IARRANN SÍ go bhforbrófaí margaí tánaisteacha níos doimhne san Aontas, go háirithe le haghaidh díorthaigh airgeadais ainmnithe in euro;

12. Ar an dara dul síos, TACAÍONN SÍ leis an obair atá ar bun ag an gCoimisiún maidir le hairgeadas digiteach; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur seoladh céim imscrúdúcháin an euro dhigitigh agus IARRANN SÍ ar an Eorachóras agus ar an gCoimisiún Eorpach leanúint dá n-obair thaiscéalaíoch féachaint an bhféadfaí euro digiteach miondíola a thabhairt isteach (airgeadra digiteach na mbanc ceannais), agus na himpleachtaí d'íocaíochtaí digiteacha miondíola, don chobhsaíocht airgeadais agus don bheartas airgeadaíochta á gcur san áireamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear obair an Ghrúpa Euro; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé na tionchair ar na Ballstáit laistigh den limistéar euro agus lasmuigh de araon a mheas; MEABHRAÍTEAR DI, i gcomhréir leis an ráiteas ón nGrúpa Euro an 25 Feabhra 2022, nach ndéanfar réamhbhreith leis an obair thaiscéalaíoch sin ar aon chinneadh a dhéanfar amach anseo maidir le heisiúint agus príomhghnéithe deartha an euro dhigitigh a d'fhéadfadh a bheith ann, ar nithe iad a chinnfear níos moille; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go scrúdóidh an Grúpa Euro an topaic seo arís go rialta i bhformáid chuimsitheach agus go bpléifidh sé na gnéithe éagsúla a bhaineann leis, ós rud é go bhfágfaidh sin go mbeidh sé in ann tuairimí soiléire a chur in iúl maidir leis na cuspóirí ginearálta agus na gnéithe polaitiúla a bhaineann le euro digiteach agus maidir leis na comhbhabhtálacha agus lánurraim á tabhairt do róil agus sainorduithe institiúideacha na ngníomhaithe uile lena mbaineann faoi mar a fhoráiltear sna Conarthaí;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mbeadh euro digiteach ach ina chomhlánú ar airgead tirim fisiciúil, nach dtiocfadh sé ina ionad. Agus é ina chomhlánú ar réitigh ar íocaíochtaí miondíola digiteacha na hearnála príobháidí, d'fhéadfadh sé cabhrú le catalú na nuálaíochta san earnáil airgeadais agus san fhíorgheilleagar. Ba cheart an príobháideachas airgeadais a urramú leis le caighdeáin leordhóthanacha cosanta sonraí, agus ardleibhéal cosanta ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta á áirithiú ag an am céanna. Ba cheart é a bheith sábháilte, éasca le húsáid agus rochtain a bheith ag an bpobal i gcoitinne air;

14. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go n-eascraíonn príomh-shaincheisteanna de chineál airgeadaíochta agus de chineálacha eile freisin as airgeadraí digiteacha na mbanc ceannais do shaoránaigh Eorpacha agus don chórais airgeadais araon; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, go háirithe, ionas go n-éireoidh le seoladh euro dhigitigh, nach mór don tionscadal sin a bheith ina chomhthionscadal Eorpach, le tacaíocht ó phobal na hEorpa agus le bonn láidir daonlathach, agus go mbeadh gá le hidirghabháil ó reachtóir an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a dhéanamh ar bhonn Airteagal 133 CFAE;

15. Ar an tríú dul síos, AITHNÍONN SÍ tionchar dearfach na sreafaí Cúnaimh Oifigiúil um Fhorbairt ón Aontas Eorpach faoi threoir 'Cur Chuige Fhoireann na hEorpa', rud a rannchuidíonn chun forbairt inbhuanaithe thíortha comhpháirtíochta an Aontais a neartú a thuilleadh. Rannchuideoidh an tionscnamh 'Global Gateway' freisin leis an sprioc sin a bhaint amach, trí luachanna daonlathacha agus ardchaighdeáin, dea-rialachas agus trédhearcacht a chur chun cinn freisin. Is bearta iad a rannchuidíonn le húsáid an euro i sreafaí airgeadais a bhaineann le forbairt;

16. CUIREANN SÍ I dTREIS ról na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin chun iomaíochas an Aontais agus for-rochtain an mhargaidh dhomhanda a neartú, chun tacú le forbairt eacnamaíoch na dtíortha comhpháirtíochta agus chun onnmhaireoirí an Aontais agus trádáil arna hainmniú in euro a chur chun cinn; IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair reatha ar Straitéis an Aontais maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin, straitéis atá ar na bacáin, lena ndírítear, i measc cuspóirí eile, ar chothromaíocht a bhaint amach idir creataí comhair iltaobhacha agus ar shuíomh uathrialach an Aontais sa tírdhreach airgeadais a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta a dhaingniú, agus é mar aidhm geilleagar oscailte a chaomhnú;

***Earnáil airgeadais Eorpach atá láidir iomaíoch agus athléimneach, a fhreastalaíonn ar an bhfíorgheilleagar, agus a sheachnaíonn rioscaí a eascraíonn as spleáchas iomarcach ar institiúidí agus ar bhonneagair airgeadais tríú tír:***

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil uathriail earnáil airgeadais an Aontais agus ról idirnáisiúnta níos mó an euro bunaithe go bunúsach ar mhargadh inmheánach láidir, lena rannchuideofar chun feabhas a chur ar chumas an fhíorgheilleagair a riachtanais mhaoiniúcháin a chumhdach; MEASANN SÍ go háirithe, go bhfuil Aontas Baincéireachta a bheadh tugtha chun críche agus Aontas Margaí Caipitil níos doimhne, é comhtháite agus dea-fheidhmiúil, arna dtacú ag cur chun cinn na nuálaíochta airgeadais, go bhfuil siad tábhachtach chun córas airgeadais athléimneach Aontais a áirithiú agus chun tacú le haistriú aeráide agus le haistriú digiteach an Aontais, rud a chuirfeadh le hathléimneacht an gheilleagair i gcoitinne;

18. MEASANN SÍ nár mhór d’earnáil airgeadais an Aontais, agus dá comhpháirteanna ábhartha uile, feidhmiú go hiomlán de réir acmhainneacht raon feidhme agus dhoimhneacht mhargadh inmheánach an Aontais: go háirithe, ba cheart dóibh maoiniú agus seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil don gheilleagar, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, ba cheart dóibh a bheith athléimneach a ndóthain i leith suaití a eascraíonn as an earnáil airgeadais nó lasmuigh di agus ba cheart dóibh a bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda;

19. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé bearta beartais a chur chun feidhme a bheadh ag teacht le cothroime iomaíochta, le Margadh Aonair a chruthú atá tarraingteach agus éifeachtach, agus leis an acmhainneacht infheistíochta a uasmhéadú, agus ag an am céanna a áirithiú go gcaithfear go fónta le rioscaí agus go gcaomhnófar an chobhsaíocht airgeadais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin nár mhór rialacha a chur chun feidhme atá saincheaptha le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach, trí thacaíocht a thabhairt do shlógadh gnóthas árachais agus cistí infheistíochta, agus trí rannpháirtíocht níos mó ó choigilteoirí miondíola a áirithiú, agus ardleibhéal leanúnach cosanta do thomhaltóirí agus infheisteoirí á áirithiú ag an am céanna;

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR <u>maidir le margaí caipitil</u>, nach mór a bheith uaillmhianach i ndáil le hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú a thuilleadh, i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle an 3 Nollaig 2020[3], agus tarraingteacht agus ionracas mhargaí caipitil an Aontais a fhorbairt a thuilleadh dá réir sin, ag cur san áireamh a riachtanaí atá sé cobhsaíocht airgeadais, cosaint infheisteoirí agus tomhaltóirí a áirithiú agus na forbairtí rialála comhthreomhara i dtríú tíortha; IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe na Tograí, a thíolaic an Coimisiún Eorpach in 2021, chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hAontas na Margaí Caipitil; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a riachtanaí atá sé iad a chur chun feidhme gan mhoill;

21. MEABHRAÍTEAR DI an tábhacht bhunúsach atá le Margadh Aonair dea-fheidhmiúil chun deiseanna infheistíochta a fheabhsú le haghaidh gnólachtaí agus daoine aonair agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór deireadh a chur le bacainní trasteorann gan údar ar infheistíochtaí ansin agus féachaint chuige nach dtiocfaidh bacainní nua chun cinn; IS DÍOL SÁSAIMH DI na Tograí ón gCoimisiún maidir le Pointe Rochtana Aonair Eorpach; agus CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar inchomparáideacht sonraí airgeadais agus inbhuanaitheachta maidir le cuideachtaí Eorpacha, ar sonraí iad atá ríthábhachtach chun cur leis an rochtain ar mhaoiniú;

[3] 12898/1/20 REV1

22. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhféadfadh an tAontas a bheith ina bhunaitheoir caighdeán maidir le maoiniú glas agus go bhféadfadh sé an inchomparáideacht agus an idir-inoibritheacht idirnáisiúnta a chur chun cinn trí chreataí éifeachtacha a dhearadh a d'fheidhmeodh mar thagarmharcanna domhanda. D'fhéadfadh tacsanomaíocht an Aontais i leith maoiniú inbhuanaithe, Caighdeán an Aontais atá beartaithe i leith Bannaí Glasa, an Treoir atá beartaithe maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe agus straitéis nua an Aontais i leith maoiniú inbhuanaithe, d'fhéadfaidís uile tacú a thuilleadh le hinfheistíochtaí glasa san Aontas agus ar fud an domhain. Chuideodh sé sin freisin chun margaí airgeadais an Aontais a fhorbairt agus bheadh tionchar dearfach aige ar úsáid idirnáisiúnta an euro;

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, aird chuí a thabhairt ar mheasúnú níos leithne ar thionchar phacáiste NGEU ar bhannaí glasa;

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún margaí atá comhtháite go hidirnáisiúnta a chur chun cinn le haghaidh maoiniú inbhuanaithe; TACAÍONN SÍ le forbairt caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpach lena dtacófar le clár oibre agus fís inbhuanaitheachta an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart don bhunaitheoir caighdeán inbhuanaitheachta Eorpach a sheacht ndícheall a dhéanamh idir-inoibritheacht agus comhsheasmhacht a bhunú le hobair bhunaitheoirí na gcaighdeán domhanda freisin a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta bunlíne; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an aidhm dá bhrí sin a áirithiú go mbeidh dlúthbhaint ag an Aontas leis an obair dhomhanda chun dea-chleachtais a chothú, treoirphlean uaillmhianach a chur ar fáil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a chur ar chumas ghníomhaithe airgeadais an Aontais leanúint de bheith ag cur le cistiú an aistrithe ghlais i dtríú tíortha;

25. IARANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun tacú le margadh trédhearcach agus iomaíoch a fhorbairt do seirbhísí iniúchóireachta agus dearbhúcháin, do rátálacha creidmheasa agus rátálacha ESG, agus do sholáthraithe sonraí i dtéarmaí sonraí iontaofa airgeadais agus inbhuanaitheachta a chur ar fáil, féachaint ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le héagsúlú líon na soláthraithe seirbhísí agus sonraí, chun cuidiú le ceannaireacht Eorpach a fhorbairt sa réimse sin; Is DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Faireachán ar an Margadh Iniúchóireachta[4] agus an próiseas chun cáilíocht na hiniúchóireachta agus an tuairiscithe chorparáidigh a neartú laistigh den Mhargadh Aonair;

26. Maidir leis an earnáil baincéireachta, CUIREANN SÍ I dTREIS go rannchuideoidh earnáil baincéireachta Eorpach atá athléimneach agus iomaíoch le feabhas a chur ar uathriail airgeadais agus straitéiseach an Aontais i ngeilleagar oscailte, agus maoiniú á chur ar fáil aici don gheilleagar ar bhonn inbhuanaithe; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche chun bogadh i dtreo margadh aonair baincéireachta a bheidh athléimneach agus éifeachtúil, chun cáiníocóirí agus taisceoirí a chosaint agus chun riachtanais shonracha fhíorgheilleagair na hEorpa a chur san áireamh go héifeachtúil; TUGANN SÍ DÁ hAIRE thairis sin gur cheart, le tionscnaimh chun feabhas a chur ar an gcreat rialála, go háirithe an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche agus tograí reachtacha ón gCoimisiún a bheidh ann amach anseo chomh maith le Pacáiste Baincéireachta 2021, go méadófaí athléimneacht na mbanc Eorpach, agus éagsúlacht a samhlacha gnó agus a n-iomaíochais á gcaomhnú ag an am céanna, chomh maith leis an Margadh Aonair a neartú;

[4] 6192/21

27. MEABHRAÍTEAR DI an ráiteas ó Chruinniú Mullaigh Euro an 16 Nollaig 2021 inar iarradh ar an nGrúpa Euro, i bhformáid chuimsitheach, teacht ar chomhaontú ar bhonn comhthola faoi phlean oibre céim ar chéim faoi cheangal ama, maidir le gach gné den Aontas Baincéireachta atá fós gan réiteach, ina léireofar mar a thabharfar i gcrích é, mar a iarradh arís i nDearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022;

28. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2020 maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac[5] agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart tacú le córas airgeadais athléimneach freisin le rialacha láidre maidir leis an gcóras airgeadais a chosaint ar sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, freastal ar chlaochlú digiteach na sochaí agus cobhsaíocht na hearnála a chosaint;

29. IS DÍOL SÁSAIMH DI i ndáil leis an méid sin na Tograí, a thíolaic an Coimisiún Eorpach in 2021, chun rialacha an Aontais i dtaca le frithsciúradh airgid agus le cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a neartú;

---

5 Conclúidí ón gComhairle maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, Samhain 2020, 12608/20

30. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann muinín láidir na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí le córas airgeadais athléimneach agus go bhfuil muinín den sórt sin ag brath ar chreat cosanta a bheith ann le haghaidh tomhaltóirí atá oiriúnach don fheidhm, lena n-áirithítear dóibh an leibhéal céanna cosanta ar fud an Aontais Eorpaigh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí deiseanna nua a chruthú do shaoránaigh le digiteáil na seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear trí bhearta lena ndírítear ar thacú le litearthacht airgeadais agus trí rochtain ar fhaisnéis níos spriocdhírithe; MEASANN SÍ freisin go mbaineann úsáid teicneolaíochtaí nua leis an digiteáil sin, lena n-éilítear tuilleadh gníomhaíochta chun cuimsiú airgeadais a áirithiú, agus go bhféadfaí cur le húsáid tríú páirtithe chun seirbhísí a sholáthar, rud a d'fhéadfadh, in éineacht le deiseanna nua, rioscaí nua a chruthú ar gá iad a shainaithint, agus déileáil leo mar is ceart; dá réir sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh malartú cuimsitheach ann idir údaráis agus maoirseoirí náisiúnta agus Aontais i réimsí an árachais, na baincéireachta, na margaí caipitil, na bainistíochta agus na cosanta sonraí, agus AML/CFT, mar aon le faisnéis shoiléir agus úsáideach do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí;

31. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfadh an spleáchas iomarcach ar sholáthraithe seirbhísí criticiúla tríú tíortha rioscaí a chruthú maidir le cobhsaíocht airgeadais nuair a bhíonn suaitheadh sa mhargadh airgeadais; TACAÍONN SÍ leis an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar an spleáchas iomarcach sin agus chun dul i ngleic leis, e.g. ar dhíorthaigh imréitigh contrapháirtithe lárnacha tríú tír;

32. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, chun margadh imréitigh iomaíoch a thógáil san Aontas, go bhfuil gá le bearta a thabharfaidh deis do rannpháirtithe sa mhargadh a gcuid gníomhaíochtaí a fhorbairt san Aontas Eorpach; TACAÍONN SÍ le féachaint ar bhearta rialála, agus réitigh mhargadhbhunaithe a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh, chomh maith leis an ngá atá le cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú; TÁ SÍ AG TNÚTH LE réitigh agus maolaitheoirí iomchuí a mheas, lena n-áirítear i réimse na maoirseachta ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír;

33. TÁ SÍ AG SÚIL leis an staidéar ó ÚBE ar spleáchas an Aontais ar oibreoirí airgeadais nach oibreoirí de chuid an Aontais iad agus ar spleáchas na mbanc ar mhaoiniú in airgeadraí eachtracha, amhail a fógraíodh i dTeachtaireacht Eanáir 2021;

34. MEABHRAÍTEAR DI an cuspóir, a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Retail Payments Strategy for the European Union* [Straitéis Íocaíochtaí Miondíola don Aontas Eorpach][6], chun forbairt réiteach iomaíoch intíre agus uile-Eorpach ar íocaíochtaí margadhbhunaithe a chothú; MOLANN SÍ réitigh mar sin a fhorbairt, a mbeidh sé d'aidhm acu a bheith sábháilte, nuálach agus nua-aimseartha, faoi chomhscéim agus faoi chaighdeáin chomhchuibhithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbeidh éileamh an mhargaidh tábhachtach le go n-éireoidh leo; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé creat le haghaidh 'limistéar Eorpach íocaíochtaí' a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, ar limistéar é a bheidh neamhspleách, éifeachtúil, dea-fheidhmiúil, oscailte agus uathrialach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tionscnamh reachtach a thíolacadh maidir le híocaíochtaí ar an toirt in 2022; Cuireann sí i dtábhacht an cuspóir creat rialála láidir a bhunú le haghaidh margaí cripteashócmhainní chun cobhsaíocht airgeadais, ceannasacht airgeadaíochta, agus cearta tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint, agus oscailteacht don nuálaíocht á caomhnú ag an am céanna;

[6] 7225/21

*Athléimneacht bhonneagar an mhargaidh airgeadais a chosaint agus a neartú:*

35. LEAGANN SÍ BÉIM ar ról ríthábhachtach bhonneagar an mhargaidh airgeadais, lena n-áirítear íocaíochtaí, trádáil agus socrú, atá bunriachtanach agus a n-éiríonn leis córas airgeadais a bheidh éifeachtúil, iomaíoch ar bhonn domhanda agus cobhsaí a áirithiú, ach ar dhírigh tríú tíortha bearta seach-chríochacha air roimhe seo, ar na cúiseanna sin;

36. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, dá bhrí sin, i ndlúthchomhar le maoirseoirí airgeadais, leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis na cuideachtaí príobháideacha ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun cosaint níos fearr a thabhairt do chuideachtaí bonneagair an mhargaidh airgeadais agus dá soláthraithe seirbhísí criticiúla ar bhearta tríú tíortha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú agus do chobhsaíocht na hearnála airgeadais Eorpaí, agus moltaí a dhéanamh i ndáil leis sin;

37. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach freisin machnamh a dhéanamh go pras ar an mbealach is fearr le soláthar seirbhísí airgeadais riachtanacha a áirithiú, má scoireann an earnáil airgeadais phríobháideach de dhéanamh amhlaidh, ar seirbhísí iad a bhfuil baint acu le hidirghníomhaíochtaí tráchtála nó eile le daoine, le heintitis nó le tríú tíortha atá faoi réir bearta tríú tíortha, lena n-áirítear smachtbhannaí seach-chríochacha. Chabhródh sé sin chun leasanna córa tráchtála agus sainchumais pholaitiúla an Aontais Eorpaigh a áirithiú;

***Sásra éifeachtach a fhorbairt chun smachtbhannaí a bhainistiú:***

38. I bhfianaise ar thit amach le déanaí, MEABHRAÍTEAR DI gur uirlis ríthábhachtach de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh iad na smachtbhannaí; agus an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán, is é is aidhm do smachtbhannaí an Aontais tacú leis an tsíocháin agus an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta;

39. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an comhar idir na Ballstáit i dtaca le cur chun feidhme na smachtbhannaí, chun a n-éifeachtacht a áirithiú agus a dtionchar a uasmhéadú; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT freisin gur cheart dlúthchomhar leanúnach le comhpháirtithe atá ar aon intinn léi a dhéanamh go comhsheasmhach chun na smachtbhannaí faoi seach a ailíniú a mhéid is féidir ionas go mbainfear spriocanna comhchoiteanna amach agus go gcuirfear cosc le smachtbhannaí tríú tíortha atá éagsúil ó thaobh raon feidhme nó substaint de le smachtbhannaí an Aontais;

40. MOLANN SÍ na gníomhaíochtaí atá déanta cheana ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit i réimse chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú aonfhoirmeach smachtbhannaí an Aontais; TACAÍONN SÍ leis an obair leanúnach ar shainaithint agus comhrac cleachtas darb aidhm smachtbhannaí an Aontais a imchéimniú agus an bonn a bhaint díobh, lena n-áirítear i gcásanna áirithe an riosca imchéimniúcháin a d'fhéadfadh teacht as idirbhearta áirithe i gcripteashócmhainní; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí na smachtbhannaí uile a glacadh a chur i bhfeidhm go docht agus go haonfhoirmeach;

41. MEABHRAÍTEAR DI go ndiúltaíonn an tAontas do chur i bhfeidhm seach-chríochach smachtbhannaí tríú tír, i gcás ina bhfuil sé sin ar neamhréir leis an dlí idirnáisiúnta; agus, CUIREANN SÍ I dTREIS, i gcás ina mbíonn sin amhlaidh, gur bagairt iad na bearta sin ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar chórais airgeadais an Aontais, go laghdaíonn siad éifeachtacht bheartas eachtrach an Aontais agus go gcuireann siad brú ar thrádáil agus ar infheistíocht dhlisteanach; agus, ar deireadh thiar, go ndéanann siad difear do chumas an Aontais agus na mBallstát beartais a sheoladh gan trasnaíocht eachtrach;

42. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur mhéadaigh tríú tíortha áirithe, le blianta beaga anuas, ar an úsáid a bhaineann siad as smachtbhannaí, nó as bearta rialála eile, a mbíonn tionchar acu ar iompar oibreoirí de chuid an Aontais faoi dhlínse an Aontais agus a Bhallstát;

43. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil gá le beartas coimirceach treisithe agus éifeachtach i gcoinne cur i bhfeidhm seach-chríochach neamhdhleathach smachtbhannaí tríú tíortha ar oibreoirí an Aontais agus le huirlisí iomchuí a chur chun feidhme, agus go rachaidh sé chun tairbhe d'oscailteacht, do neart agus d'athléimneacht an Aontais; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a riachtanaí atá sé a áirithiú nach mbeadh oibreoirí neamhchosanta ar mhíbhuntáistí eacnamaíocha díréireacha mar thoradh ar bheartas coimirceach den chineál sin;

44. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil Reacht Blocála[7] an Aontais ar cheann de phríomhcholúin an bheartais sin, arb é freagairt aontaithe an Aontais Eorpaigh é ar chur i bhfeidhm seach-chríochach beart tríú tíortha ar oibreoirí de chuid an Aontais;

7 Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle

45. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún, ina nDearbhú Comhpháirteach an 16 Nollaig 2021[8], obair a dhéanamh chun cur i bhfeidhm seach-chríochach neamhdhleathach smachtbhannaí tríú tír a dhíspreagadh agus chun oibreoirí an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr ar na smachtbhannaí sin trí atreisiú a dhéanamh ar an Reacht Blocála;

46. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar Dhearbhú Comhpháirteach an 16 Nollaig agus togra reachtach maidir le Reacht Blocála treisithe a thíolacadh a luaithe is féidir, ag cur san áireamh a phráinní atá sé oibreoirí an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr;

47. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, leis an Reacht Blocála treisithe, go mbeadh sé níos éasca ag oibreoirí an Aontais leas a bhaint as a bhearta coimirceacha, tionchar na n-oibleagáidí contrártha a laghdú trína bheith faoi réir smachtbhannaí seach-chríochacha tríú tír agus dlí na hEorpa i gcomhthráth, na nósanna imeachta a chuíchóiriú, agus bearta iomchuí a bheith ann chun cur i bhfeidhm neamhdhleathach smachtbhannaí seach-chríochacha a dhíspreagadh;

48. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur thíolaic an Coimisiún, go comhthreomhar, an 8 Nollaig 2021, togra le haghaidh ionstraim chun cleachtais a dhíspreagadh nó a fhrithháireamh i gcás tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhaineann leas as bearta comhéigneacha chun cur isteach míchuí a dhéanamh ar roghanna beartais an Aontais nó na mBallstát[9];

---

8 https://ec.europa.eu/info/files/joint-declaration-legislative-priorities-2022_ga
9 https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2021/december/tradoc_159958.pdf

49. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart an Ionstraim Frith-Chomhéigin sin agus an Reacht Blocála treisithe, cé gur ionstraimí ar leith iad, a bheith ina gcomhlánú ar a chéile, ós rud é go saothraíonn siad cuspóirí atá éagsúil ó chéile ach comhlántach;

***Comhar le comhpháirtithe:***

50. CUIREANN SÍ I dTREIS nach ar thríú tíortha a dhírítear an cuspóir agus an straitéis chun leibhéal níos airde uathrialach a áirithiú i gcóras airgeadais an Aontais, ach ar chomhar a dhéanamh leo, chun éiceachóras eacnamaíoch idirnáisiúnta atá oscailte agus cobhsaí a bhaint amach, i gcomhréir le luachanna an Aontais. Tugann sé deis don Aontas a bheith ina mhargadh oscailte i gcónaí, cuireann sé leis an gcobhsaíocht agus leis an intuarthacht le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha san Aontas agus ar fud an domhain, agus cothaíonn sé cobhsaíocht airgeadaíochta dhomhanda trí chóras na n-airgeadraí cúltaca domhanda a éagsúlú, i gcoinne cúlra athruithe ollmhóra ar an ord eacnamaíoch agus geopholaitiúil domhanda;

51. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a riachtanaí atá sé na saincheisteanna sin a phlé agus a thoilteanaí atá an tAontas é sin a dhéanamh agus idirghníomhú le tíortha comhpháirtíochta agus leis na creataí iltaobhacha ábhartha.